An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. S54 AT

# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2002.

738

## Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad).

## Dé Luain 17 Meitheamh - Maidin 9.30 - 11.30

**Roinn A - Ardleibhéal**
**40 marc**

**Uimhir Scrúdaithe.**

## TREORACHA

1. Freagair 16 cheist ar bith ón roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
2. Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh.
3. Bí cinnte go scríobhann tú d'uimhir scrúdaithe sa spás atá ann di agus ar gach bileog eile a úsáideann tú.
4. Cuir ar ais an leabhrán seo i ndeireadh an scrúdaithe.

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| ROINN A- IOMLÁN | |
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4(a)nó (b). | |
| 5. | |
| **Móriomlán.** | |

**Uimhir an Ionaid.**

**NÍ MÓR AN LEABHRÁN SEO A THABHAIRT AR AIS**

## ROINN A - 40 MARC

**Freagair 16 cheist ar bith ón roinn seo.**
**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** (i) Ainmnigh an uirlis adhmadóireachta a thaispeántar sa léaráid.



**FREAGRA**

(ii) Cén fheidhm atá leis an uirlis seo?

**FEIDHM**

**2.** Taispeánann na léaráidí thíos trí shórt inse éagsúla. Sna spásanna a chuirtear ar fáil, ainmnigh **DHÁ** cheann ar bith de na hinsí.







**3.** Ainmnigh an fabht adhmaid a thaispeántar sa léaráid.



**FREAGRA**

4. Taispeántar na céimeanna atá i gceist agus faobhar á chur ar siséal a bhfuil drochbhail air.
Cuir san ord ceart iad.



| | |
|---|---|
| **MÍNMHEILT** | **1.** |
| **AN BURRA A BHAINT DE** | **2.** |
| **MEILT** | **3.** |

5. (i) Taispeánann an léaráid uirlis le hadhmad a choinneáil.



Cad é an t-ainm ceart don uirlis seo?

**AINM**

(ii) Cén fheidhm a bhaintear as an uirlis seo?

**FEIDHM**

6. Tá dhá shórt shrutha leictreach ann, sruth ailtéarnach (AC) agus sruth díreach (DC). Cén sórt srutha a thagann ó bhataire?



**FREAGRA**

7. Taispeánann na léaráidí seo na duilleoga agus na torthaí ó thrí chrann atá coitianta in Éirinn. Ainmnigh **DHÁ** cheann ar bith de na crainn sna spásanna a chuirtear ar fáil.







8. Taispeánann an léaráid meaisín druileála.



Luaigh **DHÁ** réamhchúram sábháilteachta is gá a choimeád agus an meaisín seo á úsáid.

1

2

9. Críochnaigh an sceitse le alt corrógach moirtíse agus tionúir a thaispeáint.



10. Taispeánann an léaráid cuid de mheicníocht ghiair ó dhruilire leictreach láimhe.



(i) Rothlaíonn an roth giair A sa treo a thaispeántar. Cé acu saighead, X nó Y, a thaispeánann treo rothlaithe an roth giair B?

**FREAGRA**




(ii) Má rothlaionn **A** ar 24 rothlú sa nóiméad, cén luas rothlaithe atá faoi roth giair **B**?

**FREAGRA**

**11.** Sna spásanna a chuirtear ar fáil luaigh, do gach ceann de na miotail seo leanas, cé acu ***Feiriúil*** nó ***Neamhfheiriúil*** iad.

| | |
|---|---|
| **IARANN TEILGTHE** | |
| **PRÁS** | |
| **COPAR** | |
| **LUAIDHE** | |

**12.** Taispeánann an léaráid dréimire taca agus meáchan ag brú air.

Cad is ainm don bhfórsa atá ag gníomhú ar an ráille A?




**FREAGRA**

**13.** (i) Ainmnigh an uirlis mhiotalóireachta a thaispeántar sa léaráid.



**FREAGRA**

(ii) Cén sort ábhair a ghearrtar leis an uirlis seo de ghnáth?

**FREAGRA**

**14.** Baintear úsáid as **CAD** go forleathan i ndearadh troscáin. Luaigh buntáiste amháin a bhaineann le húsáid CAD.



**BUNTÁISTE**

**15.** Ainmnigh an **DÁ** pháirt den deil a thaispeántar sna sceitsí.



1



2

1

2

**16.** Taispeánann na léaráidí roinnt rudaí a d'fhéadfadh a dhéanamh ó chineálacha éagsúla plaistigh.

Cuir le céile gach rud sa liosta leis an bplaisteach is cuí chun é a dhéanamh.



**CUPÁN**

**ROTH GIAIR**





**FUINNEOG**

**NÍOLÓN**

**uPVC**

**POILEISTERIN LEATA**

**17.** Taispeánann an léaráid sraith seilfeanna leabhar. Aithnigh locht **AMHÁIN** i ndearadh na seilfeanna agus déan cur síos ar slí amháin chun é a réiteach.



**LOCHT**

**RÉITEACH**

**18.** (i) Ainmnigh an sliotán scriú a thaispeántar sa léaráid.



**FREAGRA**

(ii) Luaigh buntáiste amháin atá ag an gcineál seo sliotáin.

**BUNTÁISTE**

**19.** Le linn stálaithe, scoilteadh an tsnáithe cinn de phíosa adhmaid.



Mól módh amháin chun é seo a chosc.

**MÓDH**

**20.** Bíonn na corra gearrtha ar shlischlár garbh agus gránna.



Sna spásanna a chuirtear ar fáil, déan cur síos ar, agus sceitseáil, módh amháin a chuirfeadh cuma níos deise ar chorr an chláir.

**CUR SÍOS**

**SCEITSE**

**Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.**

Leathanach Bán

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

S 54 BT

# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2002.

## Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad).

1468

## Dé Luain 17 Meitheamh - Maidin 9.30 - 11.30

## Roinn B - Ardleibhéal
## 60 marc

TREORACHA

1. Freagair 3 cheist ar bith ón roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
2. Áit a bhfuil gá le sceitsí, is cóir iad a dhéanamh saor lámhach nó ar pháipéar greille.
3. Bí cinnte go scríobhann tú d'uimhir scrúdaithe ar an bhfreagar leabhair agus ar gach bileog eile a úsáideann tú.

1. Taispeánann an léaráid líníocht isiméadrach, le toísí, de shuíochán garraí a dhéantar as téac.

(i) De réir scála 1:10, déan líníocht oibre ortagrafach den suíochán, ina mbeidh **aghaidhchló** ag feachaint i dtreo na saighde **A** agus **taobhchló** ag féachaint i dtreo na saighde **B** ann.

Ní mór **CEITHRE** phríomhthoisí a cuir isteach.

(Tá an t-ábhar uile 70mm x 40mm)




(ii) Le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe,*** déan cur síos ar mhodh oiriúnach leis an gcos **L** a shiúntú leis an ráille **R**.

**2.** (i) Is dhá chéim thábhachtach iad **FIOSRÚ** agus **MEASÚNÚ** i bpróiséas an dearaidh. Cad é an brí atá le gach téarma acu agus cén tábhacht atá leo i bpróiséas an dearaidh.



(ii) Taispeánann an léaráid leabhar teileafóin, teileafón agus bloc páipéir le peann luaidhe. Le cabhair nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** chun do thuairimí a chur in iúl, mol aonad a bhféadfaí a chur ar bhalla leis na rudaí seo a choinneáil.
Sa dhearadh a mholann tú, ba chóir go mbeadh sé indéanta scríobh ar an mbloc pháipéir agus an teileafóin in úsáid.



(iii) Luaigh **DHÁ** ghné thábhachtach ar chóir a chur san áireamh agus aonad mar seo á dhearadh.
Taispeáin go soiléir an chaoi ar dhéileáil tú leis na gnéithe seo sa dhearadh agat.

**3.** Taispeánann an léaráid modh amháin le adhmad úr a thriomú.




(i) Cad é an t-ainm ceart don mhodh seo le hadhmad a thriomú?

(ii) Cad iad feidhmeanna na bpáirteanna a bhfuil lipéidí **fean**, **scairdeanna gala** agus **trucail** orthu sa léaráid?

(iii) Ainmnigh modh stálaithe amháin eile atá ar eolas agat. Luaigh **DHÁ** bhuntáiste agus **DHÁ** mhíbhuntáiste a bhaineann leis an modh stálaithe seo.

(iv) Is achmhainn nádúrtha luachmhar í na foraoiseacha báistí.
Luaigh **DHÁ** chúis ar chóir na foraoiseacha báistí a chaomhnú.
Déan cur síos ar **DHÁ** mhodh le húsáid na gcrua-adhmad a laghdú.

**4. Freagair A nó B.**

**(A)** Taispeánann an léaráid scáthán le taobhanna **lannacha** feá.




(i) Le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe,*** déan cur síos ar conas is féidir an taobh lannach **A** a fhoirmiú.

(ii) Mol bailchríoch oiriúnach don fhráma. Le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe,*** déan cur síos ar conas a dhéanfá an dromchla a **ullmhú** leis an mbailchríoch atá roghnaithe agat a **chur** air.

(iii) Cuirtear ruaimeanna adhmaid go minic ar lámhdhéantúsáin adhmaid sula gcuirtear bailchríoch orthu. Luaigh **DHÁ** chúis le ruaim a úsáid.

**NÓ**

**(B)** Taispeánann an léaráid coimeádán CD le taobhanna aicrileacha agus le bonn mahagaine.

(i) Le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe,*** déan cur síos ar an gcaoi a dhéanfá an uillinn $90^{\circ}$ag **A**.

(ii) Tá na taobhanna le ceangal don bhonn **crua-adhmad** le scriúnna **leacaithe**. Déan cur síos, ag baint úsáide as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe,*** ar an gcaoi a dhéanfá an bonn **B** agus an taobh **S** a ullmhú i gcomhair na scriúnna.




(iii) Is cuid den aicme ábhair **THEIRMEAPLAISTEACHA** an t-aicrealach. Minigh cad iad na hábhair theirmeaplaisteacha agus luaigh an difríocht idir iad agus na hábhair ***theirmithéachtacha***.

**5.** (i) Taispeánann na léaráidí trí chineál phlána éagsúla. Ainmnigh **DHÁ CHEANN** AR BITH de na plánaí.




(ii) Taispeánann an léaráid ar dhesis an chóimeáil ghearrtha de phlána. Ainmnigh na páirteanna a bhfuil na lipéidí **A** agus **B** orthu agus luaigh an fheidhm atá leo.




(iii) Tá béal an phlána a thaispeántar sa léaráid tachta. Luaigh **DHÁ** shlí inar féidir rud mar seo a tharlú agus déan cur síos ar cad ba chóir a dhéanamh le féachaint chuige nach dtarlóidh sé arís.



(iv) Agus píosa adhmaid a phlánáil buaileann an lann faoi thairne a dhéanann dochar don fhaobhar gearrtha.
Déan cur síos, ag baint úsáide as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe,*** ar an gcaoi a gcuirfeá faobhar gearrtha géar ar an lann arís.